Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5266/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0012(COD)**

**TRANS 14**
**CODEC 41**
**MAR 3**
**COVID-19 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 25 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise ráig COVID-19 agus i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair, le haghaidh tréimhsí tagartha ina dhiaidh sin dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/698 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 25 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 25 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.1.2021
COM(2021) 25 final

2021/0012 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise ráig COVID-19 agus i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair, le haghaidh tréimhsí tagartha ina dhiaidh sin dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/698**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé de chuspóir ag an Rialachán seo bearta sonracha agus sealadacha is infheidhme maidir le hathnuachan agus síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta i ndáil le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe agus maidir le seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe a chur ar athlá mar fhreagairt ar na himthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19 i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre agus i réimse na slándála muirí, sa bhreis ar na cuspóirí a leagadh síos i Rialachán (AE) 2020/698[1].

Ráig COVID-19 agus an ghéarchéim sláinte poiblí a bhaineann léi, is dúshlán do na Ballstáit iad, dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh, agus leagann siad ualach trom ar na húdaráis náisiúnta, ar shaoránaigh an Aontais agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe san earnáil iompair. As géarchéim COVID-19 a tháinig na himthosca urghnácha a dhéanann difear do ghnáthghníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát agus d'obair na ngnóthas iompair i dtaca leis na foirmiúlachtaí riaracháin atá le déanamh in earnálacha éagsúla iompair. Níorbh fhéidir na himthosca sin a thuar go réasúnta nuair a glacadh reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Mar gheall ar na bearta poiblí a bhfuil gá leo anois i bhfianaise ráig COVID-19, is minic nach mbíonn na hoibreoirí iompair agus daoine eile lena mbaineann in ann na foirmiúlachtaí nó nósanna imeachta is gá a thabhairt chun críche nó forálacha áirithe de dhlí an Aontais a chomhlíonadh maidir le hathnuachan, síneadh ama nó bailíocht leanúnach deimhnithe, ceadúnas nó údaruithe. Ina theannta sin, agus ar na cúiseanna céanna, d'fhéadfadh sé nach mbeadh údaráis inniúla na mBallstát in ann na hoibleagáidí arna mbunú le dlí an Aontais a chomhlíonadh ná déileáil le hiarratais ábhartha ó na hoibreoirí iompair roimh dhul in éag na sprioc-amanna is infheidhme.

Ar an gcúis sin, le forálacha Rialachán (AE) 2020/698 cuireadh síneadh le tréimhse bailíochta deimhnithe, ceadúnas agus údaruithe áirithe agus cuireadh siar déanamh seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe ba cheart a bheith déanta, de bhun reachtaíocht an Aontais lena mbaineann, laistigh den tréimhse idir an 1 Márta 2020 (nó an 1 Feabhra 2020 i gcásanna áirithe) agus an 31 Lúnasa 2020, ar feadh tréimhse 6 mhí (nó tréimhse 7 mí i gcásanna áirithe).

Ina theannta sin, mheas Ballstáit áirithe gur dócha nach mbeadh sé indéanta deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan agus oiliúint thréimhsiúil nó seiceálacha tréimhsiúla áirithe a thabhairt chun críche tar éis an 31 Lúnasa 2020, mar gheall ar bhearta a ghlac siad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh. Dá bhrí sin, de bhun fhorálacha Rialachán (AE) 2020/698, chuir siad iarrataí réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú chun síntí aonair breise le haghaidh aon cheann de na tréimhsí sin nó le haghaidh an dá

[1] Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise ráig COVID- 19 i dtaca le hathnuachan nó síneadh ama deimhnithe, ceadúnas agus údaruithe áirithe agus cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe mar aon le hoiliúint thréimhsiúil i réimsí áirithe den reachtaíocht maidir le hiompar, IO L 165, 27.5.2020, lch. 10.

thréimhse a chur i bhfeidhm. Ghlac an Coimisiún sé chinneadh lena n-údaraítear síntí den sórt sin[2].

Tá ráig COVID-19 tar éis difear a dhéanamh don Aontas ar fad ach ní go haonfhoirmeach é. Rinneadh difear do na Ballstáit ar leibhéil éagsúla agus ag amanna éagsúla. Ós rud é gur cheart na maoluithe ar na gníomhartha dlí a mbeadh feidhm acu de ghnáth a bheith teoranta don mhéid is gá, tugadh údarú do na Ballstáit le Rialachán (AE) 2020/698 leanúint de na gníomhartha dlí sin a chur i bhfeidhm gan na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán sin a chur i bhfeidhm i gcás ina raibh cur i bhfeidhm na ngníomhartha dlí sin fós praiticiúil (rogha an diúltaithe). I gcás den sórt sin, bhí na Ballstáit i dteideal gan cur isteach ar mhaoluithe a bhaineann le gníomhartha dlí áirithe[3], tar éis dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas ar dtús[4].

Ina Theachtaireacht Lánaí Glasa II[5], mheas an Coimisiún go bhfuil na forálacha solúbthachta uile a áirítear i Rialachán (AE) 2020/698 riachtanach agus úsáideach. Ina theannta sin, i bhfianaise na ráige eile de COVID-19, d'fhógair an Coimisiún go raibh seasamh fabhrach aige an córas a thabhairt cothrom le dáta, ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas do na Ballstáit uile leas a bhaint as aon mhaoluithe is gá, lena n-áirítear na maoluithe sin a bhain leas as na féidearthachtaí diúltú don Rialachán sin. Mheas an Coimisiún, áfach, gur de chineál *ad hoc* aon bhearta reachtacha den sórt sin, i.e. gur gá iad a cheapadh le haghaidh tréimhse shonrach a mbeidh éifeachtaí aici a bhfuil teorainn ama leo.

Despite of certain improvements of the situation provoked by the COVID-19 outbreak during the summer of 2020, the persistence and, in certain cases, the aggravation of the effects of the COVID-19 during the autumn of 2020 has obliged the Member States to maintain and, in certain cases, reinforce the measures taken to prevent the spread of the pandemic.

De bharr na mbeart sin, is deacair fós d'oibreoirí iompair agus do dhaoine eile lena mbaineann na foirmiúlachtaí nó na nósanna imeachta nó na céimeanna eile is gá faoi dhlí an Aontais a chur i gcrích chun deimhnithe, ceadúnais nó údaruithe a athnuachan nó a shíneadh

---

2 Cinneadh (AE) 2020/1236 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Ísiltír síneadh a chur le tréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 282, 31.8.2020, lch. 19; Cinneadh (AE) 2020/1235 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Ghréig síneadh a chur i bhfeidhm ar thréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 282, 31.8.2020, lch. 17; Cinneadh (AE) 2020/1219 ón gCoimisiún an 20 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Iodáil síneadh a chur i bhfeidhm ar thréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 277, 26.8.2020, lch. 16; Cinneadh (AE) 2020/1240 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Bhulgáir síneadh ar a chur i bhfeidhm ar thréimhse a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 284, 1.9.2020, lch. 7; Cinneadh (AE) 2020/1282 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Fhrainc síneadh a chur i bhfeidhm ar thréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 11, Airteagal 16 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 301, 15.9.2020, lch. 9; Cinneadh (AE) 2020/1237 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe síneadh a chur i bhfeidhm ar thréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 282, 31.8.2020, lch. 22.

3 Treoir 2006/126/CE, Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, Treoir 2014/45/AE, Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 agus Treoir 2007/59/CE,

4 Foilsíodh na fógraí ábhartha in IO C 182I an 2.6.2020, IO C 183I an 3.6.2020, IO C 189 an 5.6.2020, IO C 190I an 8.6.2020, IO C 193I an 9.6.2020 agus IO C 200I an 15.6.2020.

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle chun na Lánaí Glasa iompair a thabhairt cothrom le dáta chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn na ráige eile de phaindéim COVID-19, Doc COM (2020) 685, 28.10.2020.

nó, trí sheiceálacha tréimhsiúla nó oiliúint thréimhsiúil a dhéanamh, chun a mbailíocht a choimeád.

Ar na cúiseanna céanna, is féidir nach mbeidh údaráis inniúla na mBallstát in ann leanúint le hoibleagáidí arna mbunú le dlí an Aontais a chomhlíonadh ná déileáil leis na hiarrataí ábhartha arna dtabhairt isteach ag na hoibreoirí iompair roimh na sprioc-amanna is infheidhme.

Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh agus ardleibhéal sábháilteachta iompair a áirithiú, chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar, agus chun aon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh a sheachaint, mar aon le leanúnachas an chórais dlí a áirithiú, is gá forálacha sealadacha a leagan síos anois lena gcuirfear síneadh le bailíocht na ndeimhnithe, na gceadúnas nó na n-údaruithe sin a bheadh imithe in éag murach sin nó a rachadh in éag murach sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 (dá ngairtear an 'tréimhse thagartha' anseo feasta). Ba cheart na doiciméid sin a bheith fós bailí go ceann tréimhse réasúnta ama i rith na ráige de COVID-19 agus ina diaidh (dá ngairtear an 'tréimhse shínte' anseo feasta).

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart síneadh ama a chur le foirmiúlachtaí ábhartha agus ba cheart bailíocht ceadúnas, deimhnithe, agus doiciméad den tsamhail sin a choimeád dá réir. I gcás inarb ábhartha, ba cheart modhanna eile atá beartaithe chun gur féidir rialuithe cuí a dhéanamh a cheadú agus iad a bheith éigeantach. Is amhlaidh an cás i réimse na dtacagraf, mar shampla, i gcás ina rachaidh cártaí tiománaí in éag agus nach mbeidh sé indéanta cárta nua a eisiúint.

Ina theannta sin, faoi mar atá i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2020/698, de bharr bearta a rinne na Ballstáit lena mbaineann, arbh é ba aidhm dóibh scaipeadh COVID-19 a chosc nó é a shrianadh, tá sé dofheidhmithe fós deimhnithe, ceadúnais nó údaruithe a athnuachan tráth is déanaí ná an tréimhse ama dá dtagraítear i bhforáil ábhartha sa Rialachán beartaithe seo nó i bhforáil eile. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a chuir an Ballstát lena mbaineann faoina bhráid faoi 1 Aibreán 2021, go bhfuil bonn cirt leis mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart don Choimisiún a údarú don Bhallstát lena mbaineann síneadh ama a chur leis an tréimhse ábhartha nó na tréimhsí ábhartha. Ba cheart síneadh den sórt sin a bheith teoranta don mhéid is gá chun an tréimhse ar dócha go mbeidh cur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí, na nósanna imeachta, na seiceálacha agus na hoiliúna dofheidhmithe lena linn a léiriú agus gan bheith, in aon chás, níos faide ná sé mhí.

Mar a luaitear sa Teachtaireacht maidir le Lánaí Glasa II, ba cheart foráil a dhéanamh freisin sa ghníomh lena mbunaítear na maoluithe le haghaidh tréimhse bhreise tar éis na tréimhse tagartha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2020/698 maidir leis an bhféidearthacht nach gcuirfeadh na Ballstáit na maoluithe mar a leagtar amach sa ghníomh sin i bhfeidhm, i gcás ina raibh cur i bhfeidhm na bhforálacha is infheidhme lasmuigh de na maoluithe sin fós praiticiúil.

Dá bhrí sin, amhail Rialachán (AE) 2020/698, déantar foráil sa rialachán atá beartaithe anseo maidir leis an bhféidearthacht go roghnódh na Ballstáit diúltú do na maoluithe i gcás nach raibh deacrachtaí acu, agus nach dócha go mbeidh deacrachtaí acu, a d'fhágfadh go mbeadh sé dodhéanta ceadúnais, deimhnithe agus údarú a athnuachan nó seiceálacha agus oiliúint thréimhsiúil a chur siar le linn na tréimhse tagartha de dheasca na n-imthosca urghnácha a d'eascair as ráig COVID-19, nó i gcás ina ndearna siad bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú. An Ballstát a chinn gan na maoluithe sin a chur i bhfeidhm, níor

cheart dó bac a chur ar ghníomhaíochtaí trasteorann aon oibreora eacnamaíoch nó aon duine aonair a bhí ag brath ar na maoluithe sin a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile. Tá sé beartaithe an fhéidearthacht sin a leathnú chun maoluithe (a chomhfhreagraíonn do ghníomhartha dlí sonracha) a chumhdach nár foráladh dó i Rialachán (AE) 2020/698. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcinntí gan na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm sula mbeidh a chuid forálacha substainteacha infheidhme.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Níl forálacha sainráite sa reachtaíocht a bhaineann leis an Rialachán seo lena gceadófaí síneadh ama a chur le bailíocht deimhnithe, údaruithe nó ceadúnas sna cásanna sin a tháinig as géarchéim COVID-19. Is gá, dá bhrí sin, nósanna imeachta ábhartha a ghlacadh chun éifeachtaí na géarchéime atá ann faoi láthair a chur san áireamh agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do dhaoine aonair agus d'oibreoirí eacnamaíocha, agus d'údaráis na mBallstát freisin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile an Aontais**

Braitheann feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh maidir le hiompar agus seirbhísí gaolmhara ar na hoibreoirí a bheith ag soláthar seirbhísí iompair ar bhonn leanúnach. D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha na géarchéime seo cur isteach ar ghníomhaíochtaí gnóthas de bharr é a bheith dodhéanta na ceanglais is infheidhme a chomhlíonadh. Dá thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh easpa foirne ann freisin le haghaidh na gníomhaíochta sin, toisc nach mbeadh na doiciméid bhailí is gá acu chun a ngairm a chleachtadh go dleathach. Le forálacha an Rialacháin atá beartaithe táthar fós ag cloí le cuspóirí Rialachán (AE) 2020/698 chun aghaidh a thabhairt ar an údar mór imní sin trí dheimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus trí fheidhmiú na ngairmeacha iompair a cheadú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ní fhéadfar gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais a dhéanamh ach amháin mura féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a bhaint amach leo féin. Na saincheisteanna is cúis leis an togra seo, is saincheisteanna iad atá nasctha le dlí an Aontais agus mar sin ní fhéadfar iad a leigheas ach trí fhorálacha dhlí an Aontais, i.e. i bhfoirm maoluithe sealadacha.

- **Comhréireacht**

Teastaíonn an ghníomhaíocht seo ar leibhéal an Aontais chun go mbainfear amach an cuspóir go gcuirfear na sásraí dá bhforáiltear sna codanna ábhartha de dhlí an Aontais chun feidhme, agus ollmhéid agus tromchúis ráig COVID-19 atá ann faoi láthair á gcur san áireamh. Tá bearta sealadacha spriocdhírithe sa Rialachán atá beartaithe, bearta a bhfuil dlúthbhaint acu le ráig COVID-19 atá ann faoi láthair agus iad teoranta dá bhfuil riachtanach chun deimhneacht dhlíthiúil, sábháilteacht iompair agus dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Baineann an togra seo le forálacha sonracha a dhéanann difear do chur i bhfeidhm roinnt Treoracha agus Rialachán. Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an ghnímh atá beartaithe láithreach agus iad a bheith infheidhme go díreach chun deimhneacht dhlíthiúil a ráthú gan mhoill, maidir leis na hoibreoirí iompair agus daoine eile lena mbaineann, agus maidir le húdaráis na mBallstát freisin. Mar sin, ba cheart síneadh *ex lege* a chur le bailíocht deimhnithe, údaruithe agus ceadúnas ábhartha agus leis an oibleagáid dul faoi sheiceálacha, oiliúint nó tástálacha tréimhsiúla, fiú nuair atá na saincheisteanna ábhartha faoi réir Threoir. Mar atá i gcás Rialachán (AE) 2020/698 a bhfuil na cuspóirí céanna aige agus atá ag an togra reatha, ba cheart an gníomh reachtach seo a bheith i bhfoirm Rialachán atá infheidhme go díreach agus nach gá é a thrasuí sa dlí náisiúnta.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I bhfianaise phráinn an cháis, ní dhearnadh comhairliúchán foirmiúil le geallsealbhóirí. Mar sin féin, d'iarr údaráis agus geallsealbhóirí na mBallstát ar an gCoimisiún togra a ghlacadh chun síneadh a chur leis na maoluithe a áirítear i Rialachán (AE) 2020/698. Go háirithe, tá teagmháil bhuan ag an gCoimisiún le húdaráis inniúla na mBallstát le tamall anuas agus tá anailís rialta déanta aige ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin sin agus tá faighte amach aige uathu an cás sonrach ina bhfuil siad agus na hiarrataí atá acu chun síneadh a chur leis na maoluithe.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Faoi mar a míníodh cheana, ní raibh bailiú cuí saineolais indéanta mar gheall ar phráinn an cháis.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise phráinn an cháis, ní dhearnadh measúnú tionchair. Leis an togra seo, ní athraítear prionsabail ná sásraí reachtaíocht an Aontais lena mbaineann agus ní fhorchuirtear oibleagáidí nua ar na páirtithe lena mbaineann. Tá sé d'aidhm ag an togra seo go príomha, ar chúiseanna urghnácha i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair, síneadh ama a chur le bailíocht deimhnithe, ceadúnas nó údaruithe agus le teorainneacha ama áirithe, go ceann tréimhse ghearr ama.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar

## 5. EILIMINTÍ EILE

### • Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Ní áirítear ar an mbeart aon socruithe sonracha faireacháin nó tuairiscithe. Ní cinnte go fóill cén chaoi a bhforbróidh COVID-19. D'fhéadfadh sé go dtarlódh tonnta ionfhabhtuithe ina dhiaidh sin agus go dtiocfadh orduithe dianghlasála nua astu. Ní mór an cás sonrach sna Ballstáit éagsúla a chur san áireamh freisin. Dá bhrí sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú, tar éis d'aon Bhallstát iarraidh a chur isteach, cur i bhfeidhm tréimhsí ama breise a údarú, cosúil leis an méid dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2020/698.

### • Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

– Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le cáiliú tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí bóthair áirithe a úsáidtear chun earraí nó paisinéirí a iompar, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Treoir 91/439/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 76/914/CEE ón gComhairle[6].

Leagtar síos le Treoir 2003/59/CE na ceanglais maidir le cáiliú tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil le haghaidh tiománaithe gairmiúla trucailí agus busanna a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre na hEorpa. Tá sé de chuspóir ag an Treoir seo íoschaighdeáin inniúlachtaí chomhchuibhithe a shocrú ar fud an Aontais. Leis an Treoir seo, cuirtear de cheangal ar thiománaithe dul faoi oiliúint tosaigh agus ansin oiliúint thréimhsiúil gach cúig bliana. Toisc go bhfuil ráig COVID-19 fós ann, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na tiománaithe sin atá faoi réir na hoibleagáide oiliúna in ann í a chomhlíonadh nó nach mbeidís in ann na doiciméid lena gcruthaítear gur comhlíonadh an oibleagáid oiliúna tréimhsiúla a athnuachan. Is gá, dá bhrí sin, síneadh ama a chur le bailíocht na ndeimhnithe inniúlachta gairmiúla (CPCanna), agus le comhartha chód comhchuibhithe '95' an Aontais atá ar an gceadúnas tiomána nó ar an gcárta cáilíochta tiománaí, bunaithe ar na CPCanna sin nó ar an gcárta cáilíochta tiomána a rachadh in éag le linn na tréimhse tagartha, i gcomhréir leis na forálacha sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021. Ba cheart a mheas go bhfuil síneadh seacht mí curtha le bailíocht na ndoiciméad sin agus ba cheart na doiciméid sin leanúint de bheith bailí fós chun leanúnachas i dtaca le hiompar de bhóthar a áirithiú.

– Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (Athmhúnlú)[7].

Foráiltear le Treoir 2006/126/CE go ndéantar ceadúnais tiomána arna n-eisiúint ag na Ballstáit bunaithe ar cheadúnas tiomána de shamhail an Aontais a aithint go frithpháirteach. Leagtar síos sraith íoscheanglas maidir leis na ceadúnais tiomána sin chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, saorghluaiseacht saoránach laistigh den Aontas a éascú agus aon fhéidearthacht calaoise a laghdú. Mar sin, leis an Treoir seo tugtar tréimhsí bailíochta comhchuibhithe isteach maidir leis na catagóirí ceadúnas tiomána uile. Toisc go bhfuil ráig COVID-19 fós ann, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sealbhóirí ceadúnais tiomána in ann a gceadúnas tiomána a athnuachan ná a mhalartú. Is gá, dá bhrí sin, go measfar síneadh seacht mí a bheith curtha le bailíocht ceadúnas tiomána a rachadh in éag le linn na tréimhse tagartha, i gcomhréir leis na forálacha sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, chun leanúnachas i dtaca le soghluaisteacht de bhóthar a áirithiú.

---

6 IO L 226, 10.9.2003, lch. 4.
7 IO L 403, 30.12.2006, lch. 18.

– Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar[8].

Tá sé ríthábhachtach na rialacha maidir le ham tiomána, am oibre agus tréimhsí sosa a chomhlíonadh chun na prionsabail maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus iomaíocht chothrom sa mhargadh inmheánach iompair de bhóthar a chaomhnú. Taifeadtar an fhaisnéis is gá chun comhlíonadh na rialacha sin a mheasúnú ar thacagraif agus cártaí tiománaí. De réir Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ('an Rialachán maidir le Tacagraif'), beidh tacagraif faoi réir cigireachtaí ag ceardlanna formheasta gach dhá bhliain chun feidhmiú ceart, calabrú agus gnéithe slándála an ghairis atá suiteáilte san fheithicil a mheasúnú. Is cártaí pearsanta iad cártaí tiománaí agus is iad na húdaráis náisiúnta a eisíonn iad go ceann tréimhse cúig bliana. Nuair a théann cárta tiomána in éag ní mór é a athnuachan trí chárta nua a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán maidir le Tacagraif. De réir Airteagal 29 den Rialachán maidir le Tacagraif, i gcás ina ndéanfar damáiste do chárta tiománaí, i gcás ina mbeidh mífheidhm leis nó i gcás ina ngoidfear nó ina gcaillfear é, cuirfidh an tiománaí iarratas ar chárta athsholáthair chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil a ghnátháit chónaithe aige laistigh de sheacht lá féilire. Cuirfidh na húdaráis sin cárta athsholáthair ar fáil laistigh d'ocht lá ón uair a gheobhaidh siad iarraidh mhionsonraithe chun na críche sin. Chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le deacrachtaí cigireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh ar na tacagraif agus na cártaí tiomána a athnuachan de réir na sprioc-amanna dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Eascraíonn na deacrachtaí sin as na himthosca urghnácha atá ann faoi láthair a bhaineann le ráig COVID-19 a bheith fós ann. Sna himthosca sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, go ceann tréimhse theoranta, cúrsaíocht leanúnach feithiclí atá feistithe le tacagraif a údarú, tacagraif nach ndearnadh cigireacht orthu nuair ba cheart.

Ina theannta sin, maidir le cártaí tiománaí atá dulta in éag, ba cheart do thiománaithe a d'iarr cárta nua i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán maidir le Tacagraif a bheith in ann dul i muinín roghanna malartacha inmharthana chun taifead a choinneáil ar a ngníomhaíochtaí, agus é a bheith d'oibleagáid orthu é sin a dhéanamh, go dtí go mbeidh cárta nua don tiománaí eisithe ag na húdaráis eisiúna. An nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 35(2) den Rialachán maidir le Tacagraif i ndáil le cártaí tiománaí a ndearnadh damáiste dóibh, cártaí tiománaí a bhfuil mífheidhm leo nó cártaí tiománaí a cailleadh nó a goideadh, ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag an nós imeachta sin maidir le tiománaithe a bhfuil a gcárta dulta in éag. Áiritheoidh an cur chuige sin cothromaíocht iomchuí idir an leanúnachas riachtanach iompair agus an gá gan sábháilteacht ar bhóithre a chur i mbaol.

– Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena n- aisghairtear Treoir 2009/40/CE[9].

Sainítear i dTreoir 2014/45/AE na híoscheanglais chomhchuibhithe maidir le tástáil thréimhsiúil ródacmhainneachta. Áirítear orthu sin, go háirithe, an mhinicíocht tástála agus dá thoradh sin bailíocht na ndeimhnithe ródacmhainneachta. De dheasca na n-imthosca

8 IO L 60, 28.2.2014, lch. 1.
9 IO L 127, 29.4.2014, lch. 51.

urghnácha atá ann faoi láthair a bhaineann le ráig COVID-19 a bheith fós ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh na gníomhaíochtaí sin dofheidhmithe. Is gá, dá bhrí sin, go bhféadfaí tástálacha ródacmhainneachta a bhí le déanamh le linn na tréimhse tagartha idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 a dhéanamh ar dháta níos déanaí, ach tráth nach déanaí ná seacht mí tar éis na teorann ama bunaidh agus ba cheart na deimhnithe lena mbaineann leanúint de bheith bailí fós dá réir.

– Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n- aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle[10].

Le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh. Faoi mar atá faoi láthair, tá an baol ann nach gcomhlíonfaidh tuilleadh gnóthas iompair na ceanglais maidir leis an bhfeithicil nó na feithiclí atá le cur ar fáil do na gnóthais sin agus atá le húsáid acu, nó nach gcomhlíonfaidh siad an ceanglas maidir le seasamh airgeadais, i bhfianaise an leibhéil laghdaithe gníomhaíochta agus an leibhéil laghdaithe láimhdeachais atá ann dá thoradh sin, agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar a n-acmhainní dílse dá bharr. Dá thoradh sin, tá an baol ann go bhféadfadh oibreoirí atá inmharthana, seachas sin, a gceadúnas oibríochta a chailleadh agus go gcuirfí deireadh lena ngníomhaíocht iompair dá bharr. Go háirithe, féadfar a thuar go mbainfidh sé tamall níos faide ná mar is gnáth ar ghnóthais a léiriú go ndéanfar na ceanglais maidir leis an bhfeithicil nó na feithiclí atá le cur ar fáil dóibh agus atá le húsáid acu nó an ceanglas maidir le seasamh airgeadais a chomhlíonadh arís ar bhonn buan. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis na huasteorainneacha ama arna mbunú chun na gcríoch sin in Airteagal 13(1), i bpointí (b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó shé mhí go dhá mhí dhéag, maidir leis an measúnú ar na ceanglais i dtaca leis an bhfeithicil nó na feithiclí atá le cur ar fáil do na gnóthais iompair de bhóthar lena mbaineann agus atá le húsáid acu, dá dtagraítear in Airteagal 5(b) agus (c) den Rialachán sin, agus an measúnú ar an gceanglas maidir le seasamh airgeadais na ngnóthas sin, a mhéid a chumhdófar leis na measúnuithe sin an tréimhse thagartha ar fad nó cuid di idir 1 Meán Fómhair 2020 agus 30 Aibreán 2021. I gcás inar suíodh mainneachtain den sórt sin cheana maidir le haon cheann de na ceanglais sin a chomhlíonadh agus nach bhfuil an teorainn ama arna socrú ag an údarás áitiúil dulta in éag fós, ba cheart go mbeadh an t-údarás inniúil in ann síneadh 12 mhí san iomlán a chur leis an teorainn ama sin.

– Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar[11].
– Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006[12].

Is é rud atá iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar agus iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus faoi réir ceadúnas Comhphobail a bheith ag na hiompróirí gairmiúla a sholáthraíonn na seirbhísí sin, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 6 de

[10] IO L 300, 14.11.2009, lch. 51.
[11] IO L 300, 14.11.2009, lch. 72.
[12] IO L 300, 14.11.2009, lch. 88.

Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 maidir le hiompar earraí agus Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1073/2009 maidir le hiompar paisinéirí.

Fianaítear leis an gceadúnas Comhphobail go bhfuil na hoibreoirí iompair bunaithe san Aontas agus go gcomhlíonann siad na ceanglais is gá chun seirbhísí iompair idirnáisiúnta a sholáthar. Ina theannta sin, maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí, sa chás gur náisiúnach tríú tír é an tiománaí ba cheart fianú tiománaí a bheith i seilbh an tiománaí sin i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i gCaibidil II de Rialachán Uimh. 1072/2009. Ligeann sé do na Ballstáit a sheiceáil go héifeachtúil an bhfuil tiománaithe ó thríú tíortha fostaithe go dleathach nó faoi réir an iompróra ghairmiúil atá freagrach as oibríocht iompair faoi leith.

Tá soláthar seirbhísí rialta de bhus agus de chóiste faoi réir údarú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i gCaibidil III de Rialachán Uimh. 1073/2009. Tá an nós imeachta chun iad a athnuachan faoi réir an nós imeachta céanna, *mutatis mutandis*. Tá an t-údarú faoi réir roinnt coinníollacha chun a áirithiú go bhfuil iompróir áirithe oiriúnach chun seirbhís sonrach rialta a sholáthar. Tá an ceadúnas Comhphobail agus an t-údarú le haghaidh seirbhísí rialta idirspleách sa chiall gur gá ceadúnas Comhphobail a bheith i seilbh an iompróra chun an t-údarú a fháil. Is iad údaráis inniúla na mBallstát a eisíonn ceadúnais Chomhphobail, fianuithe tiománaí agus údaruithe le haghaidh seirbhísí rialta de bhus agus de chóiste arna n-iarraidh sin ag na hiompróirí le haghaidh tréimhsí suas go deich mbliana (ceadúnas Comhphobail) agus cúig bliana (fianú tiománaí agus údarú) agus is féidir na tréimhsí sin a athnuachan. Chun iad a athnuachan ní mór a fhíorú go bhfuil na coinníollacha faoinar eisíodh iad fós á gcomhlíonadh. Chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le deacrachtaí na ceadúnais, na fianuithe agus na húdaruithe sin a athnuachan laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais nó na fíoruithe is gá a dhéanamh sula n-athnuaitear iad. Na himthosca urghnácha atá ann faoi láthair a bhaineann le ráig COVID-19 a bheith fós ann is cúis leis sin. Ar an taobh eile, tá sé ríthábhachtach leanúnachas i dtaca leis na seirbhísí iompair a áirithiú. Is gá, dá bhrí sin, síneadh ama a chur le bailíocht na gceadúnas Comhphobail, na bhfianuithe agus na n-údaruithe thuasluaite go ceann tréimhse theoranta.

– Le Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, leagtar síos rialacha maidir le sábháilteacht iarnróid[13].

– Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta (Treoir um Shábháilteacht Iarnróid) [14].

Le Treoir 2004/49/CE agus Treoir (AE) 2016/798 rialaítear deimhniúchán agus údarú sábháilteachta san Aontas. Rinneadh Treoir 2004/49/CE a aisghairm le Treoir (AE) Uimh. 2016/798 le héifeacht ón 31 Deireadh Fómhair 2020. Go dtí an dáta sin, bhí feidhm aige fós maidir leis na Ballstáit sin a chuir síneadh ama le tréimhse thrasuí Threoir (AE) 2016/798 go dtí an dáta céanna, i gcomhréir le hAirteagal 33(2) den Treoir sin.

I gcomhréir le hAirteagal 10(13) le Treoir (AE) 2016/798, ní mór do ghnóthas iarnróid deimhniú sábháilteachta aonair a bheith ina sheilbh, deimhniú arna eisiúint ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh nó ag údarás sábháilteachta náisiúnta, atá le

[13] IO L 138, 26.5.2016, lch. 102.
[14] IO L 164, 30.4.2004, lch. 44.

hathnuachan ar iarratas ón ngnóthas iarnróid ag eatraimh nach dtéann thar cúig bliana. I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Threoir (AE) 2016/798 tá údarú sábháilteachta bainisteoirí bonneagair bailí go ceann cúig bliana.

I gcomhréir le hAirteagal 10(5) de Threoir 2004/49/CE, tá deimhniú sábháilteachta le hathnuachan ar iarratas ón ngnóthas iarnróid ag eatraimh nach dtéann thar cúig bliana. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Threoir 2004/49/CE, tá an t-údarú sábháilteachta le hathnuachan ar iarratas ón mbainisteoir bonneagair ag eatraimh nach dtéann thar cúig bliana.

De dheasca an cháis urghnách atá ann toisc ráig COVID-19 a bheith fós ann tá deacrachtaí ag údaráis náisiúnta, gnóthais iarnróid agus bainisteoirí bonneagair maidir le deimhnithe sábháilteachta (aonair) agus údaruithe sábháilteachta a athnuachan nó, más rud é go rachaidh na húdaruithe sábháilteachta atá ann faoi láthair in éag sula i bhfad, na húdaruithe sin a eisiúint go ceann tréimhse dá éis sin. Is gá, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an teorainn ama le haghaidh athnuachan agus bailíocht na ndoiciméad sin chun a áirithiú nach mbainfí an bonn ó oibriú na ngnóthas iarnróid nó ó na bainisteoirí bonneagair. Le síneadh seacht mí ba cheart do na húdaráis sábháilteachta náisiúnta a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí maidir le cigireachtaí a dhéanamh ar an láthair agus obair eile riaracháin is gá a thabhairt chun críche.

– Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n- oibriú acu sna córais iarnróid sa Chomhphobal[15].

I gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Threoir 2007/59/CE, beidh ceadúnas bailí go ceann tréimhse deich mbliana, faoi réir Airteagal 16(1). De dheasca na an cháis urghnách atá ann toisc ráig COVID-19 a bheith fós ann, tá deacrachtaí ag na húdaráis inniúla ceadúnais a athnuachan laistigh de na coinníollacha forordaithe. Na ceadúnais sin atá le hathnuachan laistigh den tréimhse ar lena linn a bheidh an t-athnuachan sin dofheidhmithe, ba cheart na ceadúnais sin leanúint de bheith bailí fós go gceann seacht mí bhreise. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart seacht mí bhreise a thabhairt do thiománaithe traenach chun seiceálacha tréimhsiúla a dhéanamh.

– Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid[16].

I gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Threoir 2012/34/AE, leanfaidh ceadúnas de bheith bailí fad is a chomhlíonfaidh an gnóthas iarnróid na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil III den Treoir sin. Féadfaidh údarás ceadúnúcháin a chinneadh, áfach, athbhreithniú rialta a dhéanamh. Más ea, ba cheart an t-athbhreithniú a dhéanamh gach cúig bliana ar a laghad. De dheasca ráig COVID-19, tá deacrachtaí ann d'údaráis cheadúnúcháin na hathbhreithnithe sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, le haghaidh cásanna ina rachadh an teorainn ama maidir leis an tréimhse thagartha in éag murach é sin nó ina rachadh sí in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, ba cheart síneadh 7 mí a chur leis an teorainn ama sin i ngach ceann de na cásanna lena mbaineann.

Sonraítear in Airteagal 24(3) de Threoir 2012/34/AE i gcás ina gcuirfear ceadúnas ar fionraí nó go gcúlghairfear é toisc nár comhlíonadh an ceanglas maidir le folláine airgeadais,

15 IO L 315, 3.12.2007, lch. 51.
16 IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.

féadfaidh an t-údarás ceadúnúcháin ceadúnas sealadach a dheonú, go dtí go ndéanfar an gnóthas iarnróid a atheagrú, ar choinníoll nach gcuirtear an tsábháilteacht i mbaol. Mar sin féin, tá uastréimhse bhailíochta seacht mí ag ceadúnas sealadach. Toisc na himthosca urghnácha a d'eascair as ráig COVID-19 a bheith fós ann, tá deacrachtaí móra ag na húdaráis na cinntí ábhartha a ghlacadh, eadhon i dtaca le ceadúnais nua a eisiúint le haghaidh na tréimhse tar éis do cheadúnas sealadach dul in éag. Mar sin, ba cheart síneadh sé mhí a chur le bailíocht na gceadúnas sealadach lena mbaineann, arna n-eisiúint nó a théann in éag ón 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 30 Aibreán 2021.

Ceanglaítear le hAirteagal 25(2) de Threoir 2012/34/AE go ndéanfaidh an t-údarás ceadúnúcháin cinneadh faoi iarratas maidir le ceadúnas a eisiúint laistigh de thrí mhí. Mar sin féin, ar na cúiseanna a luaitear cheana, ní féidir leis na húdaráis cheadúnúcháin gníomhú go tráthúil. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, go dtabharfar síneadh seacht mí do na húdaráis sin maidir le hiarratais arna gcur isteach idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021.

De bhun Threoir 2012/34/AE, féadfaidh údaráis cheadúnúcháin ceadúnas aon ghnóthais iarnróid a chur ar fionraí nó a chúlghairm más rud é nach bhfuil sé in ann na ceanglais maidir le folláine airgeadais a chomhlíonadh. Más amhlaidh an cás, féadfaidh na húdaráis ceadúnas sealadach a dheonú do na gnóthais iarnróid sin tar éis an ceadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí. Tá sé beartaithe le ceadúnas sealadach go mbeidh an gnóthas iarnróid in ann a ghníomhaíocht a atheagrú agus dul i mbun na gníomhaíochta, ar choinníoll nach ndéantar díobháil don tsábháilteacht. Mar sin féin, is léir ón taithí go dtugann sé sin teachtaireacht an-diúltach don mhargadh freisin maidir le cumas gnóthais iarnróid teacht slán as agus, dá thoradh sin, téann fadhbanna airgeadais an ghnóthais in olcas, go háirithe ó thaobh sreabhadh airgid de. Is dócha go mbeidh roinnt mhaith gnóthas iarnróid thíos, gnóthais a bhí cobhsaí ó thaobh airgeadais de roimh an ngéarchéim, agus ba ghá a gceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm, de bharr a staide airgeadais. I gcomhthéacs na géarchéime seo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá leis sin, go háirithe i dtéarmaí eacnamaíocha agus sábháilteachta. Anuas air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama ag teastáil ó ghnóthais iarnróid chun iad féin a chobhsú ó thaobh airgeadais de tar éis ráig COVID-19 a shrianadh.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, cead a thabhairt ar bhonn sealadach do na Ballstáit ceadúnas atá ann cheana a choimeád, i.e. staonadh ó cheadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí agus ó cheadúnas sealadach a eisiúint, ar choinníoll nach bhfuil an tsábháilteacht i mbaol. Bheadh an deis fós ag na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar fholláine airgeadais na ngnóthas iarnróid sin, go háirithe chun paisinéirí a chosaint ó rioscaí sábháilteachta míchuí. Dá thoradh sin, ní bheadh gnóthais iarnróid faoi réir srianta míchuí agus bheidís in ann dálaí níos fearr a aimsiú chun téarnamh ó thaobh airgeadais de.

– Treoir 96/50/CE ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le comhchuibhiú na gcoinníollacha a bhaineann le deimhnithe náisiúnta máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre sa Chomhphobal[17].

Ceanglaítear le hAirteagal 6(2) de Threoir 96/50/CE go rachaidh sealbhóirí deimhnithe máistir báid faoi scrúdú dochtúra sna trí mhí tar éis dóibh 65 bliana d'aois a shlánú agus gach bliain ina dhiaidh sin. Mar sin féin, toisc go bhfuil rochtain ar an tseirbhís leighis teoranta do scrúduithe neamhéigeandála, de bharr na mbeart a rinneadh de dheasca ráig COVID-19 a bheith fós ann, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sealbhóirí deimhnithe máistir báid in ann dul faoi na scrúduithe dochtúra laistigh den tréimhse lena mbaineann na bearta sin. Dá bhrí sin, le

[17] IO L 235, 17.9.1996, lch. 31.

haghaidh cásanna ina mbeadh an teorainn ama chun dul faoi scrúduithe dochtúra dulta in éag murach é sin nó ina rachadh sí in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, ba cheart síneadh seacht mí a chur leis an teorainn ama sin i ngach ceann de na cásanna lena mbaineann.

– Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE [18].

Tá tréimhse theoranta bhailíochta ag deimhnithe Aontais um loingseoireacht intíre i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir (AE) 2016/1629. Anuas air sin, déantar foráil le hAirteagal 28 de Threoir (AE) 2016/1629 maidir le bailíocht leanúnach doiciméad a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát faoi Threoir 2006/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 a bhí infheidhme roimhe sin lena leagtar síos ceanglais theicniúla maidir le soithí uiscebhealaí intíre agus lena n-aisghairtear Treoir 82/714/CEE ón gComhairle.[19].

De dheasca na mbeart arna nglacadh i bhfianaise ráig COVID-19 a bheith fós ann, is féidir go mbeidh sé dofheidhmithe, nó dodhéanta ar uairibh, do na húdaráis inniúla cigireachtaí teicniúla a chur ar bun chun síneadh a chur le bailíocht deimhnithe áirithe nó, i gcás na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2016/1629, doiciméid a chur ina n- ionad.

Dá bhrí sin, chun go bhféadfaidh na soithí uiscebhealaí intíre ábhartha leanúint de bheith ag feidhmiú is iomchuí síneadh ama seacht mí a chur le bailíocht na ndeimhnithe Aontais um loingseoireacht intíre agus le bailíocht doiciméad a thagann faoi raon feidhme Airteagal 28 de Threoir (AE) 2016/1629, ar doiciméid agus deimhnithe iad a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021.

– Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004, maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú[20].

– Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil chalafoirt a fheabhsú[21].

Tá sé deacair cigireachtaí slándála muirí agus suirbhéanna ar shlándáil mhuirí a chur i gcrích le linn na tréimhse seo de dheasca ráig COVID-19 a bheith fós ann, toisc gur gá do na cigirí a bheith i láthair go fisiciúil i gcalafoirt, i saoráidí calafoirt agus ar shoithí. Ciallaíonn sé sin go minic go bhfuil sé dofheidhmithe na measúnuithe agus na pleananna a athnuachan, rud a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais um shlándáil mhuirí , faoi na sprioc-amanna a leagtar síos. Mar sin de, is gá réitigh sholúbtha phragmatacha a sholáthar gan an tslándáil a chur i mbaol, trí shíneadh ama réasúnta a chur le bailíocht na ndoiciméad sin, de réir mar is gá. Tá feidhm aige sin freisin maidir le tréimhsiúlacht na gcleachtaí slándála muirí, a d’fhéadfadh a bheith deacair freisin a chur i gcrích de bharr bearta náisiúnta a glacadh chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh.

18 IO L 252, 16.9.2016, lch. 118.
19 IO L 389, 30.12.2006, lch. 1.
20 IO L 129, 29.4.2004, lch. 6.
21 IO L 310, 25.11.2005, lch. 28.

2021/0012 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise ráig COVID-19 agus i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair, le haghaidh tréimhsí tagartha ina dhiaidh sin dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/698**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91 agus 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De dheasca COVID-19 a bheith fós ann agus an ghéarchéim sláinte poiblí a bhaineann léi, is dúshlán do na Ballstáit iad, dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh, agus leagann siad ualach trom ar na húdaráis náisiúnta, ar shaoránaigh an Aontais agus ar na hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe oibreoirí iompair. Tá imthosca urghnácha cruthaithe ag an ngéarchéim sláinte poiblí, imthosca nárbh fhéidir a thuar go réasúnta nuair a glacadh na bearta ábhartha, a dhéanann difear do ghnáthghníomhaíocht na n-údarás inniúil sna Ballstáit agus d'obair na ngnóthas iompair a mhéid a bhaineann leis na foirmiúlachtaí riaracháin atá le cur i gcrích sna hearnálacha difriúla iompair. Tá tionchar nach beag ag na himthosca urghnácha sin ar réimsí éagsúla a chumhdaítear le dlí iompair an Aontais.

(2) Go háirithe, is féidir nach mbeidh oibreoirí iompair ná daoine eile lena mbaineann in ann na foirmiúlachtaí ná na nósanna imeachta is gá a chur i gcrích d'fhonn forálacha áirithe de dhlí an Aontais a chomhlíonadh, ar forálacha iad a bhaineann le deimhnithe, ceadúnais nó údaruithe a athnuachan nó síneadh a chur leo, nó d'fhonn céimeanna eile a chur i gcrích atá riachtanach lena gcoinneáil bailí. Ar na cúiseanna céanna, is féidir nach mbeidh údaráis inniúla na mBallstát in ann na hoibleagáidí arna mbunú le dlí an Aontais a chomhlíonadh ná a áirithiú go ndéileálfar leis na hiarrataí ábhartha arna dtabhairt isteach ag na hoibreoirí iompair sula rachaidh na sprioc-amanna is infheidhme in éag.

(3) Leagtar síos leis an Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] bearta sonracha agus sealadacha is infheidhme maidir le hathnuachan agus síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta i ndáil le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe agus maidir le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe, de bhun reachtaíocht an Aontais dá dtagraítear sa Rialachán sin, ba cheart a bheith déanta laistigh den tréimhse thagartha idir an 1 Márta 2020 nó, i gcásanna áirithe, an 1 Feabhra 2020, agus an 31 Lúnasa 2020. I gcomhréir leis an Rialachán sin, cuireadh na deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe sin, chomh maith le seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe, ar athlá ar feadh sé mhí nó, i gcásanna áirithe, seacht mí.

(4) Ballstáit áirithe a mheas faoin 1 Lúnasa 2020 gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 31 Lúnasa 2020 deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan agus oiliúint thréimhsiúil áirithe nó seiceálacha tréimhsiúla a chur i gcrích, de bharr bearta a rinne siad, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, chuir siad iarrataí réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú chun síntí ama breise eile a chur i bhfeidhm. Ghlac an Coimisiún sé chinneadh lena n-údaraítear síntí den sórt sin[2].

(5) In ainneoin feabhsuithe áirithe ar an staid a bhain le ráig COVID-19 i samhradh na bliana 2020, cuireadh iachall ar na Ballstáit na bearta a choinneáil ar bun agus, i gcásanna áirithe, na bearta a threisiú a rinneadh chun scaipeadh an ghalair a chosc de dheasca nach raibh an phaindéim ag imeacht agus go raibh iarmhairtí na paindéime ag dul in olcas le linn an tríú ráithe de 2020. Mar gheall ar na bearta sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh oibreoirí iompair ná daoine eile lena mbaineann in ann na foirmiúlachtaí ná na nósanna imeachta is gá a chur i gcrích d'fhonn forálacha áirithe de dhlí an Aontais a chomhlíonadh, ar forálacha iad a bhaineann le deimhnithe, ceadúnais nó údaruithe a athnuachan nó síneadh a chur leo, nó d'fhonn céimeanna eile a chur i gcrích atá riachtanach lena gcoinneáil bailí, de réir mar a bhí in earrach 2020. Ar na cúiseanna céanna, is féidir nach mbeidh údaráis inniúla na mBallstát in ann na hoibleagáidí arna mbunú le dlí an Aontais a chomhlíonadh ná a áirithiú go ndéileálfar

---

[1] Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise ráig COVID-19 agus i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair (IO L 165, 27.5.2020, lch. 10).

[2] Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/1236 an 25 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Ísiltír síneadh a chur i bhfeidhm i ndáil le tréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 282, 31.8.2020, lch. 19); Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/1235 an 26 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Ghréig síneadh a chur i bhfeidhm i ndáil le tréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 282, 31.8.2020, lch. 17); Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/1219 an 20 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Iodáil síneadh a chur i bhfeidhm i ndáil le tréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 26.8.2020, lch. 16); Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/1240 an 21 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Bhulgáir síneadh a chur i bhfeidhm i ndáil le tréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 1.9.2020, lch. 7); Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/1282 an 31 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Fhrainc síneadh a chur i bhfeidhm i ndáil le tréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagail 11, 16 agus 17 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 301, 15.9.2020, lch. 9); Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2020/1237 an 25 Lúnasa 2020 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe síneadh a chur i bhfeidhm i ndáil le tréimhsí áirithe a shonraítear in Airteagail 3 agus 11 de Rialachán (AE) 2020/698 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 282, 31.8.2020, lch. 22).

leis na hiarrataí ábhartha arna dtabhairt isteach ag na hoibreoirí iompair sula rachaidh na sprioc-amanna is infheidhme in éag.

(6) Is gá, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh a mbeidh sé de rún leo teacht i dtír ar na fadhbanna sin agus deimhneacht dhlíthiúil agus feidhmiú ceart na ngníomhartha dlí lena mbaineann araon a áirithiú. Ba cheart foráil a dhéanamh chuige sin, go háirithe i leith teorainneacha ama áirithe, mar aon leis an bhféidearthacht don Choimisiún sínte ama a údarú ar bhonn iarraidh arna cur isteach ag Ballstát ar bith.

(7) Le Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leagtar síos rialacha is infheidhme maidir le cáiliú tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí bóthair áirithe a úsáidtear chun earraí nó paisinéirí a iompar. Ní mór deimhniú inniúlachta gairmiúla (CPC) a bheith ag na tiománaithe sin agus ní mór dóibh a chruthú go bhfuil an oiliúint thréimhsiúil déanta acu trí cheadúnas tiomána nó cárta cáilíochta tiománaí a bheith acu, ar a bhfuil an oiliúint thréimhsiúil cláraithe. De dheasca na ndeacrachtaí do shealbhóir deimhnithe inniúlachta gairmiúla maidir le hoiliúint thréimhsiúil a chur i gcrích agus maidir le CPC, lena ndeimhnítear cur i gcrích na hoiliúna tréimhsiúla sin, a athnuachan, de dheasca na n-imthosca urghnácha a d'eascair as ráig COVID-19, a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020 i roinnt Ballstát, is gá síneadh a chur le bailíocht an CPC sin ar feadh tréimhse seacht mí óna dáta éaga, chun leanúnachas a áirithiú i dtaca le hiompar de bhóthar.

(8) Le Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], leagtar síos rialacha maidir le sábháilteacht iarnróid. Déantar foráil sa treoir sin maidir le ceadúnais tiomána arna n-eisiúint ag na Ballstáit a aithint go frithpháirteach bunaithe ar cheadúnas tiomána de réir mhúnla an Aontais, agus leagtar síos léi sraith íoscheanglas do na ceadúnais sin. Go háirithe, ní mór ceadúnas tiomána bailí a bheith ag tiománaithe mótarfheithiclí, ar ceadúnas tiomána é nach mór a athnuachan nó, i gcásanna áirithe, a mhalartú ar dhul in éag a bhailíochta riarracháin. Ó tharla gur deacair ceadúnais tiomána a athnuachan de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020 i roinnt Ballstát, is gá síneadh a chur le bailíocht ceadúnas tiomána áirithe ar feadh tréimhse seacht mí óna ndáta éaga, chun leanúnachas a áirithiú i dtaca le soghluaisteacht de bhóthar.

(9) Le Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] leagtar síos rialacha maidir le tacagraif san iompar de bhóthar. Tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfar na rialacha maidir le ham tiomána, am oibre agus tréimhsí scíthe, mar a leagtar amach iad i Rialachán (AE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus i dTreoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

3 Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le cáiliú tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil do thiománaithe feithiclí bóthair áirithe a úsáidtear chun earraí agus paisinéirí a iompar, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Treoir 91/439/CEE ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 76/914/CEE ón gComhairle (IO L 226, 10.9.2003, lch. 4).

4 Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (Athmhúnlú) (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18).

5 Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

6 Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear

gComhairle[7], chun iomaíocht chóir agus sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú. Mar gheall ar an ngá atá le leanúnachas i soláthar seirbhísí iompair de bhóthar d'ainneoin na ndeacrachtaí atá ann cigireachtaí rialta ar thacagraif a dhéanamh de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, ba cheart na cigireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, ar chóir iad a bheith déanta idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, a dhéanamh anois tráth nach déanaí ná seacht mí tar éis an dáta a rabhthas chun iad a dhéanamh faoin Airteagal sin. Ar an gcúis chéanna, fágann deacrachtaí a bhaineann le cártaí tiománaí a athnuachan agus a athsholáthar, de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, go bhfuil bonn cirt le breis ama a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát chun na gcríoch sin. Sna cásanna sin, ba cheart a chur ar chumas na dtiománaithe, agus ba cheart an oibleagáid a chur orthu, dul i muinín bealaí malartacha inmharthana chun an fhaisnéis is gá a thaifead maidir le ham tiomána, am oibre agus tréimhsí scíthe, go dtí go bhfaigheann siad cárta nua.

(10) Le Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], leagtar síos rialacha maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta le haghaidh mótarfheithiclí agus a gcuid leantóirí. Cúram casta atá sa tástáil thréimhsiúil ródacmhainneachta, a ceapadh chun a áirithiú go gcoimeádtar bail atá slán agus inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de ar fheithiclí fad atá siad in úsáid. Ó tharla gur deacair tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta a dhéanamh de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020 i roinnt Ballstát, ba cheart na tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta, ar chóir iad a bheith déanta idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus 30 Aibreán 2021, a dhéanamh anois dáta is faide anonn, ach tráth nach déanaí ná seacht mí tar éis na teorann ama a ceapadh ar dtús agus ba cheart go leanfadh na deimhnithe lena mbaineann de bheith bailí go dtí an dáta sin is déanaí .

(11) Le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh. Mar gheall ar Ráig COVID-19 agus ar an ngéarchéim ghaolmhar sláinte poiblí a bhí ann fós tar éis an 31 Lúnasa 2020, fágann sé nach gcomhlíonann roinnt gnóthas iompair na ceanglais a thuilleadh maidir leis an bhfeithiclí ná na feithiclí atá le bheith ar fáil do na gnóthais sin agus lena n-úsáid ag na gnóthais sin. Tá iarmhairtí tromchúiseacha airgeadais ann freisin don earnáil airgeadais agus níl an ceanglas maidir le seasamh airgeadais á chomhlíonadh a thuilleadh ag roinnt gnóthas iompair. Ó tharla go bhfuil an leibhéal gníomhaíochta níos ísle de dheasca na géarchéime sláinte poiblí, féadfar a thuar go mbainfidh sé tamall níos faide ná mar is gnáth as gnóthais a léiriú go sásófar na ceanglais maidir leis an bhfeithiclí ná na feithiclí atá le bheith ar fáil dóibh sin agus

---

Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

7 Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú amanna oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35).

8 Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí agus lena n- aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51).

9 Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n- aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51).

lena n-úsáid acu nó an ceanglas maidir le seasamh airgeadais arís ar bhonn buan. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis na huasteorainneacha ama, arna mbunú chun na gcríoch sin i bpointí (b) agus (c) in Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, ó shé mhí go dhá mhí dhéag, a mhéid a bhaineann le measúnú ar na ceanglais maidir leis an bhfeithicil nó feithiclí le bheith ar fáil do na gnóthais iompair de bhóthar agus lena n-úsáid ag na gnóthais sin lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal (5)b agus (c) den Rialachán sin, agus ar an gceanglas maidir le seasamh airgeadais na ngnóthas sin, a mhéid a chumhdaíonn na measúnuithe sin an tréimhse ar fad nó cuid den tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021. I gcás inar suíodh mainneachtain chun aon cheann de na ceanglais sin a chomhlíonadh cheana agus nach bhfuil an teorainn ama arna socrú ag an údarás inniúil dulta in éag fós, ba cheart go mbeadh an t-údarás inniúil in ann síneadh go 12 mhí san iomlán a chur leis an teorainn ama sin.

(12) Le Rialacháin (CE) Uimh. 1072/2009[10] agus (CE) Uimh. 1073/2009[11] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leagtar síos rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar agus le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus, faoi seach. Tá iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar agus iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus faoi réir, *inter alia*, seilbh ar cheadúnas Comhphobail agus, i gcás tiománaithe ar náisiúnaigh tríú tíortha iad a bhfuil oibríochtaí iompair lasta ar bun acu, faoi réir fianaithe tiománaithe. Tá údarú de choinníoll ar sholáthar seirbhísí tráthrialta de bhus agus de chóiste freisin. Féadfar na ceadúnais, na fianuithe agus na húdaruithe sin a athnuachan tar éis a fhíorú go bhfuil na coinníollacha ábhartha fós á gcomhlíonadh. Ó tharla gur deacair na ceadúnais agus na fianuithe a athnuachan de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19 a bheith fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, is gá síneadh a chur lena mbailíocht ar feadh seacht mí óna ndáta éaga, chun leanúnachas a áirithiú i dtaca le hiompar de bhóthar.

(13) Le Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], leagtar síos rialacha maidir le sábháilteacht iarnróid. Mar thoradh ar na bearta gaibhniúcháin mar aon leis an ualach oibre breise a bhaineann le ráig COVID-19 a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020 a shrianadh, tá deacrachtaí roimh na húdaráis náisiúnta, gnóthais iarnróid agus bainisteoirí bonneagair i ndáil le deimhnithe sábháilteachta aonair a athnuachan agus, i bhfianaise go bhfuiltear ag teannadh le dul in éag na n-údaruithe sábháilteachta atá ann cheana, i ndáil leis na húdaruithe sin a eisiúint le haghaidh tréimhse ina dhiaidh sin a chumhdaítear le hAirteagail 10 agus 12, faoi seach, den Treoir sin. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh seacht mí a chur leis an teorainn ama a ghabhann le deimhnithe sábháilteachta aonair a athnuachan, agus ba cheart go leanfadh na deimhnithe sábháilteachta aonair lena mbaineann, atá ann cheana, de bheith bailí dá réir. Ar an gcuma chéanna, ba cheart síneadh seacht mí óna ndáta éaga a chur le bailíocht na n-údaruithe sábháilteachta sin.

---

[10] Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).

[12] Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).

(14) I gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Threoir (AE) 2016/798, chuir Ballstáit áirithe síneadh le tréimhse trasuite na Treorach sin go dtí an 16 Meitheamh 2020. Le Treoir (AE) 2020/700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] lena leasaítear Treoir (AE) 2016/798 déantar foráil maidir leis an deis a thabhairt do na Ballstáit sin síneadh breise a chur leis an tréimhse thrasuí go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020. Lean na rialacha i dTreoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] de bheith infheidhme sna Ballstáit sin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020, agus bhí na Ballstáit lena mbaineann fós i dteideal deimhnithe a eisiúint faoin Treoir sin. Leanfaidh deimhnithe sábháilteachta a eisítear faoin Treoir sin de bheith bailí go dtí a ndáta éaga, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/798. Is gá, ar an ábhar sin, foráil a dhéanamh freisin maidir le síneadh a chur leis na teorainneacha ama a bhaineann le hathnuachan na ndeimhnithe sábháilteachta agus na n-údaruithe sábháilteachta arna n-eisiúint faoi Airteagail 10 agus 11 de Threoir 2004/49/CE agus is gá a shoiléiriú go leanfaidh na deimhnithe agus na húdaruithe sábháilteachta lena mbaineann de bheith bailí dá réir.

(15) Le Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], leagtar síos rialacha maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Aontais. Foráiltear in Airteagail 14(5) agus 16 den Treoir sin go bhfuil teorainn deich mbliana le bailíocht na gceadúnas do thiománaithe traenach agus go bhfuil sí faoi réir seiceálacha tréimhsiúla. Ó tharla gur deacair ceadúnais a athnuachan de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19 a bhi fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, ba cheart síneadh a chur le bailíocht na gceadúnas lena ngabhann dáta éaga idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 ar feadh tréimhse seacht mí óna ndáta éaga. Ar an gcuma chéanna, ba cheart tréimhse seacht mí sa bhreis a thabhairt do thiománaithe traenach chun na seiceálacha tréimhsiúla a chur i gcrích.

(16) Le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], bunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid. Faoi Airteagal 23(2) den Treoir sin, féadfaidh údaráis cheadunúcháin athbhreithniú rialta a dhéanamh d’fhonn a fhíorú go leanann gnóthas iarnróid de na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidil III den Treoir sin a bhaineann lena cheadúnas a chomhlíonadh. Faoi Airteagal 24(3) den Treoir sin, féadfaidh na húdaráis cheadúnúcháin náisiúnta ceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm, ar fhorais nár comhlíonadh an ceanglas maidir le folláine airgeadais, agus féadfaidh siad ceadúnas sealadach a dheonú go dtí go ndéanfar atheagrú ar an ngnóthas iarnróid ar choinníoll nach gcuirfear an tsábháilteacht i mbaol. De dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19 a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, tá deacrachtaí móra ag na húdaráis cheadúnúcháin na

---

13 Treoir (AE) 2020/700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 lena leasaítear Treoracha (AE) 2016/797 agus (AE) 2016/798, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena dtréimhse thrasuí (IO L 165, 27.5.2020, lch. 27)

14 Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail agus lena leasaítear Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid agus Treoir 2001/14/CE maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta (IO L 164, 30.4.2004, lch. 44).

15 Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail (IO L 315, 3.12.2007, lch. 51).

16 Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

hathbhreithnithe rialta a dhéanamh i dtaca le ceadúnais atá ann cheana agus na cinntí ábhartha a ghlacadh maidir le ceadúnais nua a eisiúint tar éis do cheadúnas sealadach dul in éag. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh seacht mí a chur leis na teorainneacha ama chun na hathbhreithnithe rialta a dhéanamh, arb amhlaidh i gcomhréir leis an Treoir sin, a théann siad in éag idir 1 Meán Fómhair 2020 agus 30 Aibreán 2021. Ar an dóigh chéanna, ba cheart síneadh seacht mí a chur le bailíocht na gceadúnas sealadach lena ngabhann dáta éaga idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021.

(17) Ceanglaítear le hAirteagal 25(2) de Threoir 2012/34/AE ar na húdaráis cheadúnúcháin cinntí a ghlacadh maidir le hiarratais ar cheadúnais laistigh de thrí mhí tar éis gach faisnéis ábhartha, go háirithe na sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin, a bheith curtha isteach. Ó tharla gur deacair na cinntí ábhartha a ghlacadh de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19 a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, is gá síneadh seacht mí a chur leis an teorainn ama sin.

(18) Tá fadhbanna leachtachta ag gnóthais iarnróid a bhí cobhsaí roimh ráig COVID-19, fadhbanna a d'fhéadfadh a fhágáil go gcuirfí a gceadúnais ar fionraí, go ndéanfaí iad a chúlghairm nó go gcuirfí ceadúnas sealadach ina n-ionad, gan riachtanas eacnamaíoch struchtúrach a bheith ann go dtarlódh sé sin. I dtaca le ceadúnas sealadach a dheonú de bhun Airteagal 24(3) de Threoir 2012/34/AE, is rud é sin a d'fhéadfadh droch-chuma a chur ar ghnóthais iarnróid, ó thaobh an mhargaidh de, i dtaca le cumas na ngnóthas sin teacht slán, agus ar an dóigh sin dhéanfaí fadhbanna airgeadais, nach mbeadh ach ina bhfadhbanna sealadacha murach sin, a chur chun donais. I ngeall ar Rialachán (AE) 2020/698 agus ráig COVID-19 a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, ba cheart a fhoráil dá bhrí sin, nuair a aimsíonn an t-údarás ceadúnúcháin, ar bhonn na seiceála a rinneadh le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nach féidir le gnóthas iarnróid na ceanglais a bhaineann le folláine airgeadais a chomhlíonadh a thuilleadh, ba cheart don údarás a bheith in ann cinneadh a dhéanamh, roimh an 30 Aibreán 2021, gan ceadúnas de chuid an ghnóthais iarnróid lena mbaineann a chur ar fionraí ná a chúlghairm fad agus nach bhfuil an tsábháilteacht i mbaol, agus fad agus gur dócha go réadúil go ndéanfar atógáil shásúil airgeadais laistigh den seacht mí ina dhiaidh sin. Tar éis an 30 Aibreán 2021, ba cheart an gnóthas iarnróid a bheith faoi réir na rialacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 24(1) de Threoir 2012/34/AE.

(19) Le Treoir 96/50/CE ón gComhairle[17], leagtar síos na coinníollacha maidir le deimhnithe máistrí báid a fháil chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealaí intíre san Aontas. Ar theacht in aois a 65 bliana dóibh, ceanglaítear ar shealbhóirí deimhnithe máistrí báid dul faoi scrúduithe tréimhsiúla dochtúra. I bhfianaise na mbeart arna nglacadh i ndáil le ráig COVID-19 a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, agus go háirithe an rochtain theoranta ar sheirbhísí dochtúra chun scrúduithe dochtúra a dhéanamh, is féidir nach mbeidh sealbhóirí deimhnithe máistrí báid in ann dul faoi na scrúduithe dochtúra is dlite orthu laistigh den tréimhse lena mbaineann na bearta sin. Dá bhrí sin, le haghaidh cásanna ina mbeadh an teorainn ama chun dul faoi scrúduithe dochtúra dulta in éag murach é sin nó ina rachadh sí in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, ba cheart síneadh seacht mí a chur leis an teorainn ama sin i ngach ceann de na cásanna lena mbaineann. Ba cheart go bhfanfadh na deimhnithe máistrí báid lena mbaineann bailí dá réir.

---

[17] Treoir 96/50/CE ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le comhchuibhiú na gcoinníollacha a bhaineann le deimhnithe náisiúnta máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre sa Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 31).

(20) Le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], leagtar síos ceanglais theicniúla maidir le soithí uiscebhealaí intíre. Le hAirteagal 10 den Treoir sin, foráiltear do theorainn ar thréimhse bhailíochta deimhnithe Aontais um loingseoireacht intíre. Thairis sin, maidir le hAirteagal 28 de Threoir (AE) 2016/1629 maidir le doiciméid a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus a d'eisigh údaráis inniúla na mBallstát roimh an 6 Deireadh Fómhair 2018 faoin Treoir a bhí infheidhme roimhe sin, eadhon Treoir 2006/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], foráiltear san Airteagal sin go leanfaidh na doiciméid sin de bheith bailí go dtí go rachaidh siad in éag. De dheasca na mbeart arna nglacadh i bhfianaise ráig COVID-19 a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé dofheidhmithe, nó dodhéanta ar uairibh, do na húdaráis inniúla cigireachtaí teicniúla a chur ar bun chun síneadh a chur le bailíocht deimhnithe áirithe nó, i gcás na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2016/1629, doiciméid a chur ina n-ionad. Dá bhrí sin, chun go bhféadfaidh na soithí uiscebhealaí intíre ábhartha leanúint de bheith ag feidhmiú is iomchuí síneadh ama seacht mí a chur le bailíocht na ndeimhnithe Aontais um loingseoireacht intíre agus le bailíocht doiciméad a thagann faoi raon feidhme Airteagal 28 de Threoir (AE) 2016/1629, ar doiciméid agus deimhnithe iad a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021.

(21) Le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], leagtar síos rialacha maidir le slándáil long agus saoráidí calafort a fheabhsú. Le Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], leagtar síos bearta chun slándáil calafoirt a fheabhsú i bhfianaise bagairtí ar theagmhais slándála. Áirithítear léi freisin go rachaidh slándáil fheabhsaithe calafoirt chun tairbhe do na bearta slándála arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 725/2004. I ngeall ar ráig COVID-19 a bhi fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, tá deacrachtaí ag údaráis na mBallstát chun na cigireachtaí agus na suirbhéanna slándála muirí d'fhonn doiciméid áirithe a athnuachan sa réimse slándála muirí. Dá bhrí sin, is gá síneadh de thréimhse réasúnta ama a chur le teorainneacha ama le haghaidh na measúnuithe slándála agus na bpleananna slándála a cheanglaítear leis na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais a athbhreithniú, chun na Ballstáit agus an tionscail loingis a chumasú chun cur chuige solúbtha pragmatach a ghlacadh, gan an tslándáil a chur i mbaol. Ba chóir solúbthacht a chur ar fáil freisin i dtaca le druileanna agus freachnaimh shlándála muirí, a gceanglaítear le gníomhartha dlí an Aontais sa réimse slándála muirí iad a dhéanamh laistigh de thréimhsí áirithe ama.

(22) I gcás ina measann Ballstát gur dócha go bhfanfaidh cur i bhfeidhm na rialacha óna maolaíonn an Rialachán seo, a bhaineann, *inter alia*, le deimhnithe, ceadúnais nó údaruithe a athnuachan nó a shíneadh, dofheidhmithe tar éis na ndátaí a shonraítear sa Rialachán seo, de bharr bearta a rinne sé chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a

---

[18] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

[19] Treoir 2006/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, agus lena n- aisghairtear Treoir 82/714/CEE ón gComhairle (IO L 389, 30.12.2006, lch. 1).

[20] Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.4.2004, lch. 6).

[21] Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Céadaoin 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le ceadúnais tiomána (Athmhúnlú) (IO L 310, 25.11.2005, lch. 28).

shrianadh, ba cheart údarú a thabhairt don Choimisiún, má iarrann an Ballstát sin air faoin 1 Aibreán 2021, a cheadú don Bhallstát lena mbaineann síneadh breise a chur leis na tréimhsí a shonraítear sa Rialachán seo, de réir mar is ábhartha. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun a áirithiú ag an am céanna nach gcuirtear an tsábháilteacht agus an tslándáil iompair i mbaol, ba cheart síneadh den sórt sin a bheith teoranta don mhéid is gá chun an tréimhse ar dócha go mbeidh cur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí, na nósanna imeachta, na seiceálacha agus na hoiliúna dofheidhmithe lena linn a léiriú agus gan a bheith, in aon chás, níos faide ná sé mhí.

(23) Tá ráig COVID-19 tar éis difear a dhéanamh don Aontas ar fad ach ní go haonfhoirmeach é. Rinneadh difear do na Ballstáit ar leibhéil éagsúla agus ag amanna éagsúla. Ós rud é gur cheart na maoluithe ar na rialacha a mbeadh feidhm acu de ghnáth a theorannú don mhéid is gá, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, maidir le Treoir 2003/59/CE, Treoir 2006/126/CE, Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, Treoir 2014/45/AE, Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009, Treoir (AE) 2016/798, Treoir 2004/49/CE, Treoir 2007/59/CE, Treoir 2012/34/AE, Treoir 96/50/CE, Treoir (AE) 2016/1629, Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 agus Treoir 2005/65/CE, leanúint de na gníomhartha dlí sin a chur i bhfeidhm gan na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil cur i bhfeidhm na ngníomhartha dlí sin fós indéanta. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcéanna i gcás ina raibh deacrachtaí den sórt sin ag tarraingt ar Bhallstát ach inar ghlac sé bearta náisiúnta iomchuí chun iad a mhaolú. Maidir leis na Ballstáit a roghnaíonn leas a bhaint as an bhféidearthacht sin, níor cheart dóibh, áfach, aon ghníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreoir eacnamaíoch ná de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile, a bhacadh, agus ba cheart dóibh aon cheadúnas, deimhniú agus údarú ar cuireadh síneadh lena bhailíocht leis an Rialachán seo a aithint go háirithe. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcinntí gan na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme go hiomlán ar an **[dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]** .

(24) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chearta a dheonaítear le cinntí ón gCoimisiún a glacadh de bhun fhorálacha Rialachán (AE) 2020/698, lena n-údaraítear do na Ballstáit síneadh chur le tréimhsí áirithe dá dtagraítear sa Rialachán sin, a mhéid a d'fhéadfadh siad a bheith ina gcúis le tréimhsí is faide ná na tréimhsí sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(25) Ós rud é gur tháinig deireadh leis an idirthréimhse a leagtar amach sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 31 Nollaig 2020, níor cheart feidhm a bheith ag aon fhoráil de chuid an Rialacháin seo maidir leis an Ríocht Aontaithe, fiú a mhéid a bhaineann siad le tréimhsí roimh an dáta sin.

(26) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon síneadh a chur leis na teorainneacha ama a leagtar síos i ndlí an Aontais chun tréimhse bhailíochta deimhnithe, ceadúnas nó údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo, agus seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe a chur siar mar fhreagairt ar na himthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, a bhí fós ann i ndiaidh an 31 Lúnasa 2020, i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre agus i slándáil mhuirí, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr is féidir, de bharr fairsinge agus

éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(27) I bhfianaise na práinne atá mar thoradh ar na cúinsí eisceachtúla i ngeall ar ráig COVID-19 a bhí fós ann tar éis an 31 Lúnasa 2020, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

(28) De dheasca chomh tobann agus a bhí ráig COVID-19 nach rabhthas in ann a thuar, agus an tréimhse nach rabhthas ag súil léi ach oiread, fágadh nárbh fhéidir bearta ábhartha a ghlacadh in am. Ar an gcúis sin, ba cheart a chumhdach le forálacha an Rialacháin seo an tréimhse sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Ag féachaint do chineál na bhforálacha sin, níl sárú ar ionchais dhlisteanacha na ndaoine lena mbaineann ina thoradh ar an gcur chuige sin.

(29) I bhfianaise an ghá sáraitheach aghaidh a thabhairt gan mhoill ar na himthosca i ngeall ar ráig COVID-19 i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre agus i slándáil mhuirí, agus, i gcás inarb ábhartha, tréimhse réasúnta ama á thabhairt do na Ballstáit chun an Coimisiún a chur ar an eolas má chinneann siad gan díolúintí áirithe a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, d'fhonn a áirithiú go bhfanfaidh an tréimhse ina mbeidh éiginnteacht dhlíthiúil a dhéanann difear do roinnt mhaith údarás agus oibreoirí in earnálacha iompair éagsúla, go háirithe i gcás ina bhfuil na teorainneacha ama ábhartha dulta in éag cheana, chomh gairid agus is féidir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo bearta sonracha agus sealadacha is infheidhme maidir le hathnuachan agus síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta i ndáil le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe agus maidir le seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe a chur ar athló mar fhreagairt ar na himthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID- 19 i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre agus i réimse na slándála muirí, le haghaidh tréimhsí tagartha a thagann i ndiaidh na dtréimhsí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/698.

*Airteagal 2*

Síneadh a chur le teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 2003/59/CE

1. D'ainneoin Airteagal 8(2) agus (3) de Threoir 2003/59/CE, measfar síneadh seacht mí i ngach cás a bheith curtha leis na teorainneacha ama maidir le cur i gcrích oiliúna tréimhsiúla ag sealbhóir deimhnithe inniúlachta gairmiúla ('CPC'), a bheadh dulta in éag murach é sin nó

a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis na forálacha sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021. Fanfaidh an CPC bailí dá réir sin.

2. Maidir le bailíocht chód comhchuibhithe ‘95’ an Aontais a mharcáil dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/126/CE, arna déanamh ag na húdaráis inniúla ar an gceadúnas nó ar an gcárta cáilíochta tiománaí dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Threoir 2003/59/CE ar bhonn an CPC dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, measfar síneadh seacht mí ón dáta a shonraítear ar an gceadúnas sin nó ar an gcárta cáilíochta tiománaí sin a bheith curtha leis an mbailíocht sin.

3. I dtaca le bailíocht cártaí cáilíochta tiománaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2003/59/CE, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí ón dáta éaga riaracháin a shonraítear ar gach cárta den sórt sin a bheith curtha leis an mbailíocht sin.

4. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 oiliúint thréimhsiúil a chríochnú nó a dheimhniú, marcáil chód comhchuibhithe ‘95’ an Aontais a dhéanamh, nó cártaí cáilíochta tiománaithe a athnuachan, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad arb é is aidhm dóibh scaipeadh COVID- 19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1, 2 agus 3, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2020 agus 30 Aibreán 2021 nó na tréimhsí seacht mí a shonraítear i míreanna 1, 2 agus 3, de réir mar is ábhartha, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

5. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 4, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1, 2 agus 3 faoi seach, de réir mar atá bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe an oiliúint thréimhsiúil i gceist a chríochnú nó a dheimhniú, marcáil chód comhchuibhithe ‘95’ an Aontais a dhéanamh, nó cártaí cáilíochta tiománaithe a athnuachan agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná sé mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar an mBallstát a d’fhág gur dhofheidhmithe oiliúint thréimhsiúil a chríochnú nó a dheimhniú, marcáil chód comhchuibhithe ‘95’ an Aontais a dhéanamh, nó cártaí cáilíochta tiománaithe a athnuachan le linn na tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2020 agus 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1, 2 agus 3 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1, 2 agus 3 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch ná de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín maoluithe a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 3*

Síneadh a chur le teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 2006/126/CE

1. D'ainneoin Airteagal 7 de Threoir 2006/126/CE agus pointe 3(d) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, i dtaca le ceadúnais a mbeadh a mbailíocht dulta in éag murach é sin nó a rachadh a mbailíocht in éag murach é sin, i gcomhréir leis na forálacha sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh a bheith curtha le tréimhse bhailíochta na gceadúnas sin go dtí seacht mí ón dáta éaga dá dtagraítear ar gach ceadúnas den chineál sin.

2. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 ceadúnais a athnuachan, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad arb é is aidhm dóibh scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1, de réir mar is iomchuí. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis an tréimhse seacht mí, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 2, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe ceadúnais a athnuachan, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná sé mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar an mBallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe ceadúnais tiomána a athnuachan le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan mír 1 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i mír 1 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 4*

Síneadh a chur le teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014

1. D'ainneoin Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, cuirfear i gcrích na cigireachtaí rialta dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin nár mhór iad a bheith curtha i gcrích murach é sin nó nár mhór iad a chur i gcrích murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 i gcomhréir leis an mír sin tráth nach déanaí ná seacht mí tar éis an dáta a bheadh siad le cur i gcrích murach é sin de réir an Airteagail sin.

2. D'ainneoin Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, i gcás ina gcuirfidh tiománaí iarratas isteach ar chárta tiománaí a athnuachan i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, eiseoidh údaráis inniúla na mBallstát cárta

nua tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis dóibh an t-iarratas a fháil. Go dtí go bhfaighidh an tiománaí nua cárta nua tiománaí ó na húdaráis eisiúna cártaí, beidh feidhm ag Airteagal 35(2) den Rialachán sin maidir leis an tiománaí *mutatis mutandis*, ar choinníoll gur féidir leis an tiománaí a chruthú gur iarradh an cárta tiománaí a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Rialachán sin.

3. D'ainneoin Airteagal 29(4) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, i gcás ina gcuirfidh tiománaí iarratas isteach ar chárta tiománaí a athsholáthar i gcomhréir le mír 4 den Airteagal sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, eiseoidh údaráis inniúla na mBallstát cárta athsholáthair tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis dóibh an t-iarratas a fháil. D'ainneoin Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, féadfaidh an tiománaí leanúint de bheith ag tiomáint go dtí go bhfaighfear cárta tiománaí nua ó na húdaráis eisiúna cártaí ar choinníoll gur féidir leis an tiománaí a chruthú gur tugadh an cárta tiománaí ar ais don údarás inniúil nuair a rinneadh díobháil don charta nó nuair a bhí mífheidhm leis agus gur iarradh a athsholáthar.

4. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 na cigireachtaí rialta a dhéanamh, cártaí tiománaí a athnuachan nó cártaí tiománaí a athsholáthar mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh 165/2014 de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1, 2 agus 3, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis an tréimhse seacht mí, nó i dtaca leis na spriocdhátaí is infheidhme do chárta nua tiománaí a eisiúint, nó i dtaca le haon teaglaim díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

5. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 4, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1, 2 agus 3 faoi seach, de réir mar atá bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe cigireachtaí rialta a dhéanamh, cárta tiománaí a athnuachan nó cártaí tiománaí a athsholáthar, agus ní faide an síneadh, in aon chás, ná sé mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar an mBallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe cigireachtaí rialta a dhéanamh, cártaí tiománaí a athnuachan nó cártaí tiománaí a athsholáthar le linn na tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2020 agus 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1, 2 agus 3 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre].** Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1, 2 agus 3 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch ná de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín maoluithe a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

### *Airteagal 5*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 2014/45/AE

1. D'ainneoin Airteagal 5(1) agus Airteagal 10(1) de Threoir 2014/45/AE, in éineacht le pointe 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis na teorainneacha ama maidir le tástálacha ródacmhainneachta nár mhór iad a bheith curtha i gcrích murach é sin nó nár mhór iad a chur i gcrích murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, i gcomhréir leis na forálacha sin.

2. D'ainneoin Airteagal 8 de Threoir 2014/45/AE agus pointe 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, measfar síneadh 7 mí a bheith curtha le bailíocht deimhnithe ródacmhainneachta a rachaidh in éag idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 tástálacha ródacmhainneachta a dhéanamh nó a dheimhniú, de bharr bearta a rinne sé chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis an tréimhse seacht mí, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, de bhun iarraidh arna tíolacadh i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1 agus i mír 2, faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe tástálacha ródacmhainneachta a dhéanamh nó a dheimhniú, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná sé mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar an mBallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe tástálacha ródacmhainneachta a dhéanamh nó a dheimhniú le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó i gcás ina ndearna an Ballstát bearta iomchuí náisiúnta chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre].** Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

### *Airteagal 6*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009

1. D'ainneoin Airteagal 13(1), pointí (b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, i gcás ina suífidh údarás inniúil, i leith na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nach gcomhlíontar na ceanglais maidir leis an bhfeithicil nó na feithiclí atá le coinneáil ar fáil don ghnóthas iompair de bhóthar nó atá le húsáid aige, faoi mar a leagtar

amach in Airteagal 5(b) agus (c) den Rialachán sin, nó i gcás ina shuífidh sé, ar bhonn na gcuntas bliantúil agus na ndeimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus (2) den Rialachán sin a ghabhann leis na blianta cuntasaíochta a chumhdaíonn an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 ina hiomláine nó i bpáirt, nach gcomhlíonfaidh gnóthas iompair an ceanglas maidir le seasamh airgeadais a leagtar síos in Airteagal 3(1), pointe (c) den Rialachán sin, ní rachaidh na teorainneacha ama a leagann údarás inniúil síos chun críocha Airteagal 13(1), pointí (b) agus (c) den Rialachán sin thar 12 mhí.

2. D'ainneoin Airteagal 13(1), pointí (b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, i gcás ina suífidh an t-údarás inniúil idir an 28 Bealtaine 2020 agus **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]** nach gcomhlíonann gnóthas iompair an ceanglas maidir leis an bhfeithicil nó na feithiclí atá le coinneáil ar fáil don ghnóthas iompair nó atá le húsáid aige, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5(b) agus (c) den Rialachán sin, nó i gcás nach gcomhlíonann sé an ceanglas maidir le seasamh airgeadais a leagtar síos in Airteagal 3(1), pointe (c) den Rialachán agus ina bhfuil teorainn ama leagtha síos aige don ghnóthas iompair an staid a leigheas, féadfaidh an t-údarás inniúil, ar choinníoll nach mbeidh an teorainn ama dulta in éag faoin am a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, síneadh a chur leis an teorainn ama sin. Ní mhairfidh an teorainn ama a gcuirfear síneadh léi amhlaidh níos faide ná 12 mhí.

*Airteagal 7*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009

1. D'ainneoin Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, i dtaca le bailíocht na gceadúnas Comhphobail a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith leo, nó a bheith curtha leo. Leanfaidh cóipeanna dílse deimhnithe de bheith bailí dá réir.

2. D'ainneoin Airteagal 5(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, i dtaca le bailíocht fianuithe tiománaí a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith leo, nó a bheith curtha leo.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná 30 Aibreán 2021 ceadúnais Chomhphobail nó fianuithe tiománaithe a athnuachan de bharr bearta a rinne sé chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis an tréimhse seacht mí, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, de bhun iarraidh arna tíolacadh i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1 agus i mír 2, faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, de léiriú ar a fhaide is dóchúil a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe ceadúnais Chomhphobail a athnuachan agus, ar aon chuma, ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe ceadúnais Chomhphobail nó fianuithe tiománaí a athnuachan le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na

n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 8*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009

1. D'ainneoin Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009, i dtaca le bailíocht na gceadúnas Comhphobail a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith leo, nó a bheith curtha leo. Leanfaidh cóipeanna dílse deimhnithe de bheith bailí dá réir.

2. D'ainneoin Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009, glacfaidh an t- údarás um údarú cinntí i leith iarratais ar údarú do sheirbhísí rialta arna dtíolacadh ag iompróirí idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus 30 Aibreán 2021 laistigh de shé mhí den dáta a dhéanfar an t- iarratas a chur isteach. D'ainneoin Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát fógra faoina gcinneadh i leith an iarratais don údarás um údarú laistigh de 3 mhí, údaráis inniúla ar iarradh orthu a gcomhaontú i leith an iarratais sin i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin. I gcás nach bhfaighidh an t-údarás inniúil an freagra laistigh de 3 mhí, measfar go mbeidh a dtoiliú tugtha ag na húdaráis a ndeachthas i gcomhairle leo, féadfaidh an t- údarás um údarú an t-údarú a dheonú.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 ceadúnais Chomhphobail a athnuachan, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad arb é is aidhm dóibh scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis an tréimhse seacht mí, nó i dtaca leis an aon teaglaim díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe ceadúnais Chomhphobail a athnuachan, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná 6 mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe ceadúnais Chomhphobail a athnuachan le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an

Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan mír 1 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i mír 1 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 9*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/798

1. D'ainneoin Airteagal 10(13) de Threoir (AE) 2016/798, i dtaca le teorainneacha ama maidir le deimhnithe sábháilteachta aonair a athnuachan a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin. Leanfaidh na deimhnithe sábháilteachta aonair de bheith bailí dá réir sin.

2. D'ainneoin Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2016/798, i dtaca le bailíocht údaruithe sábháilteachta a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis an mbailíocht sin.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 deimhnithe sábháilteachta aonair a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 10(8) de Threoir (AE) 2016/798 a athnuachan nó síneadh ama a chur le tréimhse bhailíochta na n- údaruithe sábháilteachta, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 nó leis an tréimhse seacht mí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe deimhnithe sábháilteachta aonair a athnuachan nó síneadh ama a chur le húdaruithe sábháilteachta, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná 6 mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar an mBallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe deimhnithe sábháilteachta aonair arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 10(8) de Threoir (AE) 2016/798 a athnuachan, nó tréimhse bhailíochta na n-údarás sábháilteachta a shíneadh le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó i gcás ina ndearna an Ballstát bearta iomchuí náisiúnta chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo +**

**cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 10*

Síneadh a chur le teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 2004/49/CE

1. D'ainneoin Airteagal 10(5) de Threoir 2004/49/CE, i dtaca leis na teorainneacha ama maidir le hathnuachan deimhnithe sábháilteachta a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin. Leanfaidh na deimhnithe sábháilteachta de bheith bailí dá réir sin.

2. D'ainneoin Airteagal 11(2) de Threoir 2004/49/CE, i dtaca leis na teorainneacha ama maidir le hathnuachan údaruithe sábháilteachta a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin. Leanfaidh na húdaruithe sábháilteachta de bheith bailí dá réir sin.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 deimhnithe sábháilteachta nó údaruithe sábháilteachta a athnuachan, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe ar údarú a dhéanamh síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis na tréimhsí seacht mí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe deimhnithe sábháilteachta nó údaruithe sábháilteachta a athnuachan, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná 6 mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe deimhnithe sábháilteachta nó údaruithe sábháilteachta a athnuachan le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 11*

Síneadh a chur le teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 2007/59/CE

1. D'ainneoin Airteagal 14(5) de Threoir 2007/59/CE, i dtaca le bailíocht ceadúnas a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh ama a bheith curtha leis an mbailíocht sin ar feadh tréimhse seacht mí tar éis dháta dul in éag gach ceadúnais den sórt sin.

2. D'ainneoin Airteagal 16 de Threoir 2007/59/CE agus Iarscríbhinní II agus VII a ghabhann le Treoir 2007/59/CE, i dtaca leis na teorainneacha ama maidir le cur i gcrích na seiceálacha tréimhsiúla, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis na forálacha sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin i ngach cás. I dtaca leis na ceadúnais dá dtagraítear in Airteagal 14 agus na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 15 den Treoir sin, leanfaidh siad de bheith bailí dá réir sin.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 ceadúnais a athnuachan nó seiceálacha tréimhsiúla a chur i gcrích, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar údarú chun síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 nó leis an tréimhse seacht mí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe ceadúnais a athnuachan nó seiceálacha tréimhsiúla a chur i gcrích, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná 6 mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar an mBallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe ceadúnais tiomána a athnuachan nó seiceálacha tréimhsiúla a chur i gcrích le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó i gcás ina ndearna an Ballstát bearta iomchuí náisiúnta chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora

eacnamaíoch nó de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 12*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 2012/34/AE

1. D'ainneoin Airteagal 23(2) de Threoir 2012/34/AE, i gcás ina ndearna údarás ceadúnúcháin foráil d'athbhreithniú rialta, i dtaca leis na teorainneacha ama maidir le hathbhreithniú rialta a dhéanamh, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis na forálacha sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith leo, nó a bheith curtha leo.

2. D'ainneoin Airteagal 24(3) de Threoir 2012/34/AE, i dtaca le bailíocht ceadúnas sealadach a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis an mbailíocht sin tar éis an dáta deiridh bailíochta a shonraítear ar gach ceadúnas sealadach.

3. D'ainneoin Airteagal 25(2) de Threoir 2012/34/AE, déanfaidh an t- údarás ceadúnúcháin cinneadh i leith iarratais a rinneadh sa tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, tráth nach déanaí ná deich mí ón uair a gheobhaidh siad gach faisnéis ábhartha, go háirithe na sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

4. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 athbhreithniú rialta a dhéanamh, nó deireadh a chur le ceadúnais a chur ar fionraí, nó ceadúnais nua a eisiúint, i gcásanna inar rinneadh cúlghairm ar cheadúnais roimhe sin, a eisiúint, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar údarú chun síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis an tréimhse seacht mí, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

5. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 4, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe deireadh a chur le ceadúnais a chur ar fionraí, nó ceadúnais nua a eisiúint, i gcásanna ina ndearnadh cúlghairm ar cheadúnais roimhe sin, agus ní faide an síneadh sin ná sé mhí, in aon chás.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe athbhreithniú rialta a dhéanamh, nó deireadh a chur le ceadúnais a chur ar fionraí, nó ceadúnais nua a eisiúint i gcásanna ina ndearnadh cúlghairm ar cheadúnais roimhe sin, le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 13*

An láimhseáil a dhéanfar ar cheadúnais do ghnóthais iarnróid faoi Threoir 2012/34/AE i gcás nach gcomhlíontar na ceanglais folláine airgeadais

D'ainneoin Airteagal 24(1) de Threoir 2012/34/AE, i gcás inar deimhin le húdarás ceadúnúcháin, ar bhonn seiceáil dá dtagraítear san fhoráil sin a rinneadh sa tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nach féidir le gnóthas iarnróid na ceanglais i ndáil le folláine airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 20 den Treoir sin a chomhlíonadh, féadfaidh sé, roimh an 30 Aibreán 2021, a chinneadh gan ceadúnas an ghnóthais iarnróid lena mbaineann a chur ar fionraí ná a chúlghairm, ar choinníoll nach ann d'aon riosca sábháilteachta agus ar choinníoll gur réalaíoch a bheith ag dréim le hatógáil shásúil airgeadais laistigh de na seacht mí ina dhiaidh sin.

*Airteagal 14*

Síneadh a chur le teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 96/50/CE

1. D'ainneoin Airteagal 6(2) de Threoir 96/50/CE, i dtaca leis na teorainneacha ama maidir le dul faoi scrúdú dochtúra a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin. Leanfaidh na deimhnithe máistrí báid maidir le daoine atá faoi réir oibleagáide dul faoi scrúduithe dochtúra dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Treoir sin de bheith bailí dá réir sin.

2. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 scrúduithe dochtúra a chur i gcrích de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar údarú chun síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 nó leis an tréimhse seacht mí a shonraítear i mír 1, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 2, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i mír 1, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe scrúduithe dochtúra a chur i gcrích, agus ní faide ná 6 mhí é in aon chás.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe na teorainneacha ama a chomhlíonadh maidir le dul faoi scrúdú dochtúra le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh

**[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan mír 1 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i mír 1 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 15*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/1629

1. D'ainneoin Airteagal 10 de Threoir (AE) 2016/1629, i dtaca le bailíocht deimhnithe Aontais um loingseoireacht intíre a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis an mbailíocht sin.

2. D'ainneoin Airteagal 28 de Threoir (AE) 2016/1629, i dtaca le bailíocht doiciméad a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus a d'eisigh údaráis inniúla na mBallstát faoi Threoir 2006/87/CE roimh an 6 Deireadh Fómhair 2018, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh seacht mí a bheith curtha leis an mbailíocht sin.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tráth is déanaí ná an 30 Aibreán 2021 deimhnithe Aontais um loingseoireacht intíre a athnuachan, nó doiciméid eile dá dtagraítear i mír 2 a athnuachan, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar údarú chun síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, nó leis na tréimhsí 7 mí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, nó i dtaca leis an dá cheann díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe athnuachan deimhnithe Aontais um loingseoireacht intíre nó athnuachan doiciméad dá dtagraítear i mír 2 a chur i gcrích agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná sé mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe deimhnithe an Aontais um loingseoireacht intíre nó doiciméid dá dtagraítear i mír 2 a athnuachan le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

An Ballstát a chinn gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm faoi mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bhacfaidh sé gníomhaíochtaí trasteorann de chuid aon oibreora eacnamaíoch nó de chuid aon duine aonair a chuaigh i muinín na maoluithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhfuil feidhm acu i mBallstát eile.

*Airteagal 16*

Síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 725/2004

1. D'ainneoin Airteagal 3(6) de Rialachán (CE) Uimh. 725/2004, i dtaca leis na teorainneacha ama maidir le measúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar shlándáil saoráidí calafoirt, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2021 a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin.

2. D'ainneoin Cuid B, Ranna 13.7 agus 18.6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004, i dtaca leis na teorainneacha ama 18 mí maidir le déanamh na gcineálacha éagsúla freachnaimh, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis na forálacha sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh sé mhí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin i ngach cás ach ní rachaidh an síneadh sin thar an 30 Meitheamh 2021 in aon chás.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tar éis 30 Aibreán 2021 measúnuithe a dhéanamh ar shlándáil saoráidí calafoirt nó na cineálacha éagsúla freachnaimh a dhéanamh dá dtagraítear i gCuid B, Ranna 13.7 agus 18.6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar údarú chun síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí agus na sprioc-amanna a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, na sprioc-amanna nó an tréimhse 6 mhí a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, nó i dtaca le haon teaglaim díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí agus na sprioc-amanna a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe measúnuithe a dhéanamh ar shlándáil saoráidí calafoirt nó na cineálacha éagsúla freachnaimh a dhéanamh, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná 6 mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe measúnuithe a dhéanamh ar shlándáil saoráidí calafoirt nó na cineálacha éagsúla freachnaimh a dhéanamh dá dtagraítear i gCuid B, Ranna 13.7 agus 18.6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i**

**bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre]**. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 17*

Síneadh a chur le teorainneacha ama dá bhforáiltear i dTreoir 2005/65/CE

1. D'ainneoin Airteagal 10 de Threoir 2005/65/CE, i dtaca leis na teorainneacha ama maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe slándála calafoirt agus ar phleananna slándála calafoirt, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an Airteagal sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh sé mhí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin i ngach cás ach ní rachaidh an síneadh sin thar an 30 Meitheamh 2021 in aon chás.

2. D'ainneoin Airteagal 7(7) de Threoir 2005/65/CE agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2005/65/CE, i dtaca leis na teorainneacha ama 18 mí maidir le freachnaimh oiliúna a chríochnú, a bheadh dulta in éag murach é sin nó a rachadh in éag murach é sin, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin, idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, measfar síneadh sé mhí a bheith curtha leis na teorainneacha ama sin i ngach cás ach ní rachaidh an síneadh sin thar an 30 Meitheamh 2021 in aon chás.

3. I gcás ina measfaidh Ballstát gur dócha go mbeidh sé dofheidhmithe fós tar éis an 30 Aibreán 2021 an t- athbhreithniú ar mheasúnuithe slándála calafoirt nó ar phleananna slándála calafoirt a chur i gcrích nó na freachnaimh oiliúna a chríochnú, de bharr bearta a rinne sé, ar bearta iad chun scaipeadh COVID-19 a chosc nó a shrianadh, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar údarú chun síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí agus na sprioc-amanna a shonraítear i míreanna 1 agus 2, de réir mar is ábhartha. Féadfar an iarraidh sin a dhéanamh i dtaca leis an tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021, i dtaca leis na sprioc-amanna, nó i dtaca leis na tréimhsí 6 mhí a shonraitear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, na sprioc-amanna, nó i dtaca le haon teaglaim díobh sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Aibreán 2021 ar a dhéanaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar fháil iarrata dó a cuireadh faoina bhráid i gcomhréir le mír 3, gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé cinneadh lena n-údarófar don Bhallstát i gceist síneadh ama a chur i bhfeidhm i ndáil leis na tréimhsí agus na sprioc-amanna a shonraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach, de réir mar a bheidh bonn cirt leis sin i ngach cás. Beidh teorainn leis an síneadh sin, teorainn a thabharfaidh san áireamh an tréimhse is dócha a leanfaidh sé de bheith dofheidhmithe an t- athbhreithniú ar mheasúnuithe slándála calafoirt nó ar phleananna slándála calafoirt a chur i gcrích nó an oiliúint a chríochnú, agus ní faide an síneadh sin, in aon chás, ná 6 mhí.

Foilseoidh an Coimisiún an cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. I gcás nár tarraingíodh, agus nach móide go dtarraingeofar, aon deacrachtaí ar Bhallstát a d'fhág gur dhofheidhmithe athbhreithnithe a dhéanamh ar mheasúnuithe slándála calafoirt nó ar phleananna slándála calafoirt nó freachnaimh oiliúna a dhéanamh le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Aibreán 2021 de dheasca na n-imthosca urghnácha i ngeall ar ráig COVID-19, nó ina ndearna sé bearta náisiúnta iomchuí chun na deacrachtaí sin a mhaolú, féadfaidh an Ballstát sin a chinneadh gan na míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoina chinneadh roimh **[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + cúig lá oibre].** Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas ina leith agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 18*

Cinntí a ghlactar faoi Rialachán (AE) 2020/698

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chearta na mBallstát faoi chinntí ón gCoimisiún arna nglacadh de bhun Airteagail 2(6), 3(3), 4(5), 11(4), 16(6) agus 17(5) de Rialachán (AE) 2020/698, a mhéid a rialaíonn na cinntí sin, ó thaobh ábhair agus teorainneacha ama ábhartha de, na cásanna céanna a rialaíonn an Rialachán seo agus a mhéid a fhorálann siad maidir le síntí thar na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

I gcás ina rialaíonn na cinntí sin, ó thaobh ábhair agus teorainneacha ama ábhartha de, na cásanna céanna a rialaíonn an Rialachán seo agus i gcás nach bhforálann siad maidir le síntí thar na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán seo, beidh feidhm ag an Rialachán seo.

*Airteagal 19*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón **[XX dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo + ocht lá oibre].**

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 2(6), 3(4), 4(6), 5(5), 7(5), 8(5), 9(5), 10(5), 11(5), 12(6), 14(4), 15(5), 16(5) agus 17(5) ón **[XX dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].**

Ní dhéanann an chéad mhír, an dara mír ná an tríú mír den Airteagal seo difear do na héifeachtaí cúlghabhálacha dá bhforáiltear in Airteagail 2 go 18.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |